
An Garda Síochána

# Plean Náisiúnta um Dhaoine Breacaosta

2023 -2025



Bhiúró Náisiúnta um Rannpháirtíocht Pobail an Gharda Síochána

# Brollach ó Choimisinéir Cúnta an Gharda Síochána

Mar Choimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal sa Gharda Síochána, tá áthas orm Plean Náisiúnta um Dhaoine Breacaosta an Gharda Síochána don tréimhse 2023-2026 a chur i láthair.

Agus an plean seo á fhorbairt, tá tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear eagraíochtaí póilíneachta eile, grúpaí pobail, agus grúpaí abhcóideacht, curtha san áireamh ag an nGarda Síochána. Chuir sé san áireamh freisin na moltaí a rinneadh don Choimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn maidir le daoine breacaosta.

Sna figiúirí daonáirimh ó 2016, léirítear gur tháinig an méadú daonra is mó ó 2011 i leith ar líon na ndaoine os cionn 65 bliain d'aois. Tá méadú de 19.1 faoin gcéad (go 637,567) tagtha ar an aoisghrúpa seo ó 2011 agus is ionann é sin agus 15.1% den daonra iomlán. Faoin mbliain 2026 beidh 1.15 milliún duine in Éirinn 60 bliain d'aois nó níos sine, sin beagnach duine as gach ceathrar.

Feicim agus cloisim go díreach na torthaí dearfacha atá ann de bharr an chomhoibrithe idir an Garda Síochána agus a pháirtithe leasmhara a oibríonn le chéile chun tacú le daoine breacaosta i bpobail go háirithe iad siúd atá ar na baill is leochailí laistigh dár sochaí. Bhí sé seo an-soiléir le linn na paindéime COVID19.

Tá comhpháirtíocht láidir ann cheana féin idir an Garda Síochána agus Aoisbhá Éireann a chuireann ardán ar fáil do dhaoine breacaosta agus do pháirtithe leasmhara pobail chun aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin agus ar shaincheisteanna nua agus atá ag teacht chun cinn do dhaoine breacaosta. Is é príomhaidhm an Gharda Síochána a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais póilíneachta na ndaoine breacaosta in Éirinn ar an gcaighdeán is fearr is féidir. Treoraítear Ranna uile an Gharda Síochána leis na gníomhartha agus na gealltanais a rinneadh ina straitéisí áitiúla Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus dá réir sin, beidh an Plean Náisiúnta do Dhaoine Breacaosta ailínithe le formáid Aoisbhá Éireann agus léireoidh sé í. Cinnteofar leis seo go soláthrófar struchtúr náisiúnta comhsheasmhach do riachtanais póilíneachta na ndaoine breacaosta le freagairt an Gharda Síochána ar riachtanais na ndaoine breacaosta, soláthrófar chomh maith seirbhís Gharda níos comhordaithe agus níos éifeachtaí do dhaoine breacaosta, agus spreagfar gabháil agus roinnt dea-chleachtas maidir le daoine breacaosta a choinneáil slán agus eagla na coireachta a laghdú.



Paula Hilman
Choimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal sa Gharda Síochána

Sna straitéisí áitiúla a thacaíonn le Daoine Breacaosta, cuirtear na hocht dtéama i bhfeidhm atá bunaithe ar struchtúr molta na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Cathracha & Contaetha Aoisbháúla. Mar sin féin, trí dea-chleachtas a bhfuil taithí ag an nGarda Síochána air, chonacthas go bhfuil gá le téama breise 'Sábháilteacht agus Slándáil' la haghaidh daoine breacaosta a áireamh ionas gur féidir spriocanna agus gníomhartha soiléire a leagan síos don Gharda Síochána ar fud na tíre agus ar leibhéal Roinne an Gharda Síochána. Léireofar é seo sa phlean seo trí na ceithre chuspóir seo a leanas:

**An eagla roimh choireacht agus roimh choireanna in aghaidh daoine breacaosta a laghdú..**

**Rannpháirtíocht agus inrochtaineacht an Gharda Síochána le daoine breacaosta a mhéadú.**

**Tacú le tionscnaimh Phobail & Sábháilteachta ar Bhóithre a chuidíonn le daoine breacaosta.**

**Comhpháirtíochtaí pobail agus comhairliúchán a úsáid chun freagairt do riachtanais agus ionchais leanúnacha daoine breacaosta.**

Ba mhaith liom a chur in iúl duit go bhfuilimid sa Gharda Síochána tiomanta do chabhrú le daoine eile agus oibriú i gcomhpháirtíocht lena chinntiú go gcuirtear an tacaíocht agus na seirbhísí cuí ar fáil do dhaoine breacaosta in Éirinn.

*Coimisinéir Cúnta Paula Hilman*

# An Garda Síochána - Tiomantas do Dhaoine Breacaosta

Tá an Garda Síochána tiomanta do riachtanais póilíneachta daoine breacaosta in Éirinn a chomhlíonadh. D'fhonn an tiomantas seo a thabhairt i gcrích, tá Plean Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhaoine Breacaosta nasctha go dlúth le Creat Póilíneachta Pobail an Gharda Síochána, le Straitéis Éagsúlachta an Gharda Síochána, le Straitéis um Chosc agus Laghdú na Coireachta 2021 – 2024 agus le Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre Rialtas na hÉireann 2021 - 2030.

## Misean

Is é misean an Gharda Síochána "Daoine a Choinneáil Sábháilte'.

## Cód Eitice

Le comhlíonadh phrionsabail an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (ECHR), na naoi gcaighdeán agus tiomantas eiticiúil atá leagtha amach i gCód Eitice an Gharda Síochána, tugtar treoir d'éiteas na póilíneachta pobail laistigh den Gharda Síochána.

## Cur Chuige Straitéiseach

Beidh an Plean Náisiúnta do Dhaoine Breacaosta ina rannchuidiú díreach le baint amach an chuspóra chorparáidigh maidir le pobal síochánta a chinntiú trí oibriú le pobail agus go sonrach le daoine breacaosta agus leo siúd a oibríonn le agus le haghaidh daoine breacaosta. Leis an bplean seo, comhlánófar na struchtúir tacaíochta agus na modhanna cumarsáide atá i bhfeidhm cheana féin.

## Cuspóirí Straitéiseacha

Cinnfidh an Garda Síochána, ar bhonn leanúnach, na riachtanais agus na ionchais de dhaoine breacaosta, agus tabharfaidh siad aghaidh orthu. Bainfear an plean seo amach trí na ceithre chuspóir seo a leanas:

1. An eagla roimh choireacht agus roimh choireanna in aghaidh daoine breacaosta a laghdú.

2. Rannpháirtíocht agus inrochtaineacht an Gharda Síochána le daoine breacaosta a mhéadú.

3. Tacú le tionscnaimh Phobail & Sábháilteachta ar Bhóithre a chuidíonn le daoine breacaosta.

4. Comhpháirtíochtaí pobail agus comhairliúchán a úsáid chun freagairt do riachtanais agus ionchais leanúnacha daoine breacaosta.

## Róil agus Freagrachtaí Straitéiseacha

D'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, leithdháilfear roinnt róil agus freagrachtaí lena n-áirítear iad seo a leanas:

### Ceannaire Straitéiseach

Is é an Coimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht sa Phobal mar ionadaí an Gharda Síochána ar an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta a Thacaíonn le Daoine Breacaosta an ceannaire straitéiseach sa Gharda Síochána agus beidh maoirseacht straitéiseach fhoriomlán aige ar chur chun feidhme an phlean seo.

### Cur chun Feidhme Straitéiseach agus Tacaíocht

Cabhróidh an tArd-Cheannfort Bhiúró Náisiúnta um Rannpháirtíocht Pobail an Gharda Síochána le Biúró an Choimisinéir Cúnta um Póilíniú Bóithre agus Rannpháirtíocht Pobail chun an plean seo a chur i bhfeidhm go náisiúnta.

### Cur chun Feidhme Oibriúcháin

Beidh freagracht ar Ard-Cheannfoirt, ar Cheannfoirt agus ar chinn ranna as pleananna a dhréachtú agus a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil chun an plean seo a sheachadadh. Beidh bainisteoirí, maoirseoirí céadlíne agus gach ball den Gharda Síochána freagrach as oibriú chun an plean seo a thabhairt i gcrích.

# Gníomh Straitéiseach

Tá ocht dtéama i gClár do Chathracha Aoisbháúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte chun straitéisí áitiúla a fhorbairt do dhaoine breacaosta. Aithníonn an Garda Síochána, áfach, go bhfuil gá le naoú téama a chur leis dar teideal 'Sábháilteacht agus Slándáil'. Is téama é seo a mholann an Garda Síochána a chur i ngach straitéis áitiúil Contae Aoisbháúil toisc go soláthraíonn sé cuspóir níos soiléire do sheachadadh na gcuspóirí straitéiseacha don Gharda Síochána do dhaoine breacaosta.

Trí théama na Sábháilteachta agus na Slándála a thabhairt isteach, bainfear amach na tairbhí straitéiseacha seo a leanas:

- Toisc gur clár domhanda é an Creat Cathracha Aoisbháúla agus go bhfuil Éire ar thús cadhnaíochta ina leith seo, seachadfaidh an Garda Síochána a ghealltanas seirbhís póilíneachta den scoth a sholáthar do dhaoine breacaosta.

- De réir mar a threoraítear gach Roinn den Gharda Síochána leis na gníomhartha agus na tiomantais a rinneadh i straitéisí áitiúla Contae Aoisbháúla, cuirfear chur chuige níos comhordaithe agus níos comhsheasmhaí ar fáil don Gharda Síochána ar leibhéal náisiúnta.

- Feidhmíonn straitéisí Aoisbháúla ar feadh 2-3 bliana agus tar éis straitéis nua a fhorbairt, reáchtálann gach contae phróiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile a oibríonn le Daoine breacaosta . Tríd an téama um Shábháilteacht agus Slándáil a chur leis, tugtar an deis comhairliúchán ar riachtanais póilíneachta do dhaoine breacaosta a chur san áireamh. Tabharfar an deis freisin leis seo d'eolas comhairliúcháin aiseolas a thabhairt don Gharda Síochána ar leibhéal náisiúnta chun eolas a thabhairt d'fhorbairt straitéisí amach anseo.

- Is féidir dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara náisiúnta trí Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta Aoisbháúil na hÉireann. Mar sin, beifear ábalta an straitéis náisiúnta a nuashonrú gach 2-3 bliana.



# Cuspóirí Straitéiseacha

Cuirfear an plean seo chun feidhme thar thréimhse trí bliana ó 2023 go 2025. Tá an plean bunaithe ar na tiomantais maidir le ceithre phríomhchuspóir, is iad sin:

## CUSPÓIR 1

Laghdóimid eagla na coireachta agus coireanna in aghaidh daoine breacaosta.

Toradh: Mothóidh daoine breacaosta níos sábháilte agus laghdófar coireanna in aghaidh daoine breacaosta.

Oibriú chun coireacht agus eagla roimh choireacht a laghdú, i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear grúpaí daoine breacaosta, pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla.

## CUSPÓIR 2

Méadóimid rannpháirtíocht na nGardaí le daoine breacaosta agus inrochtaineacht na nGardaí do dhaoine breacaosta.

Toradh: Mothóidh daoine breacaosta níos gafa leis na Gardaí agus beidh rochtain níos fearr acu orthu.

Cleachtais nua Rannpháirtíochta an Gharda Síochána le daoine breacaosta a fhorbairt agus tacú leo ionas go mbeidh siad níos infheicthe agus níos inrochtana i do phobal, trí infheictheacht mhéadaithe i bpobail agus ar líne araon.

## CUSPÓIR 3

Tacóimid le tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre a c huidíonn le daoine breacaosta.

Toradh: Básanna de dhaoine breacaosta agus gortú tromchúiseach dóibh a laghdú.

Tacóidh an Garda Síochána le tionscnaimh phobail agus sábháilteachta ar bhóithre a chuidíonn le daoine breacaosta, mar thiománaithe agus mar úsáideoirí soghonta bóithre araon.

## CUSPÓIR 4

Bainfimid úsáid as comhpháirtíochtaí pobail.

Toradh: Caidrimh nua a chothú tríd an líonra um Póilíniú Pobail atá ann cheana féin.

Comhpháirtíochtaí pobail a úsáid agus dul i gcomhairle leo chun freagairt do riachtanas agus ionchais leanúnach na ndaoine breacaosta, ag tógáil dea-chleachtas idirnáisiúnta san áireamh.

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 1 - AN EAGLA ROIMH CHOIREACHT AGUS ROIMH CHOIREANNA IN AGHAIDH DAOINE BREACAOSTA A LAGHDÚ

## COMHTHÉACS

Oibreoimid chun coireacht agus eagla roimh choireacht a laghdú i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena náirítear grúpaí daoine breacaosta, pobail agus gníomhaireachtaí reachtúla

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Tiomantas | Gníomhartha | Úinéireacht | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **1.1** | Comhairle um chosc na coireachta a chur ar fáil atá saindeartha do riachtanais daoine breacaosta | A chinntiú go mothaíonn daoine breacaosta sábháilte, go háirithe sna réimsí a bhaineann le glaoiteoirí bréagacha, mí-úsáid airgeadais agus calaois, buirgléireacht seachráin, mí-úsáid seanóirí, agus aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta sa phobal.<br><br>Oifigigh roinne um chosc na coireachta le cruinnithe poiblí um chosc na coireachta a stiúradh atá dírithe go sonrach ar dhaoine breacaosta. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Oifigigh Rannáin um Chosc ar Choireacht<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| **1.2** | Feachtais sna meáin chumarsáide a reáchtáil chun feasacht sábháilteachta agus cosc na coireachta do dhaoine breacaosta a chur chun cinn. | Feachtais feasachta téamaí ar leith a phleanáil d'amanna áirithe den bhliain nó d'imeachtaí.<br><br>An úsáid is mó a bhaint as uirlisí meán sóisialta chun lucht féachana níos leithne sa phobal a bhaint amach.<br><br>Úsáid a bhaint as an gclár um Glao Coireachta.<br><br>Bealaí cumarsáide traidisiúnta a úsáid chun faisnéis a chur in iúl do go leor daoine breacaosta (m.sh. raidió áitiúil agus náisiúnta, nuachtáin, fógraí poiblí, srl.). | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Oifig an Gharda Síochána um Chumarsáid Chorparáideach<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| **1.3** | Tuairisciú a spreagadh agus feasacht a ardú ar mhí-úsáid daoine breacaosta. | Ábhar ábhartha curtha ar fáil do gach ball den Gharda Síochána agus d'fhoireann maidir le coireanna in aghaidh daoine breacaosta agus le mí-úsáid seanóirí ar an bhFoireann Uirlisí um Póilíniú Pobail. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | R4 2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1.4** | Timpeallacht shábháilte, chompordach a sholáthar chun tuairisciú ar aon ghné de mhí-úsáid a spreagadh. | Tabharfar an leibhéal ceart seirbhíse do dhaoine breacaosta atá ina n-íospartaigh coireachta agus soláthrófar glao ar ais d'íospartaigh go pearsanta dóibh. | Gach Oifigeach Roinne<br><br>Oifigí Seirbhíse Roinne an Gharda Síochána d'Íospartaigh | Saolré an Phlean |
| **1.5** | Treochtaí coireachta a aithint lena n-áirítear gníomhaíocht choiriúil tuaithe ina ndírítear ar dhaoine breacaosta mar íospartaigh agus ina mbaintear úsáid as cur chuige spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb. | Trí threochtaí coireachta a aithint beifear in ann díriú ar fhreagra ar choireanna i gcoinne daoine breacaosta. | Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 2 - RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS INROCHTAINEACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA LE DAOINE BREACAOSTA A MHÉADÚ

## COMHTHÉACS

Cleachtais nua rannpháirtíochta an Gharda Síochána le Daoine Breacaosta a fhorbairt agus tacú leo ionas go mbeidh siad níos infheicthe agus níos inrochtana i phobal, trí infheictheacht mhéadaithe i bpobail agusar líne araon.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Tiomantas | Gníomhartha | Úinéireacht | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| **2.1** | Seirbhísí póilíneachta a dhéanamh níos infheicthe agus níos inrochtana do dhaoine breacaosta. | Rannpháirtíocht le daoine breacaosta a chur chun cinn agus dea-chleachtas a roinnt le Gardaí oibriúcháin.<br><br>Úsáid a bhaint as an gCreat um Póilíniú Pobail chun teagmháil a dhéanamh le Daoine Breacaosta. | Oifig an Gharda Síochána um Chumarsáid Chorparáideach<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| **2.2** | Tacú le Scéimeanna um Fhaire Comharsanachta agus Pobal ar Aire. | Tacú le Scéimeanna um Fhaire Comharsanachta agus Pobal ar Aire atá ann cheana féin agus pleananna a fhorbairt chun na scéimeanna seo a athbheochan agus a leathnú agus daoine breacaosta i bpobail a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna scéimeanna seo. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| **2.3** | Tacú le húsáid Clinicí an Gharda Síochána. | Clinicí Garda a reáchtáil i bpobail atá dírithe go sonrach ar riachtanais daoine breacaosta.<br><br>Ábhar tacaíochta a fhorbairt do Chlinicí an Gharda Síochána | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| **2.4** | Córais agus cleachtais a fhorbairt chun cabhrú le daoine breacaosta, go háirithe iad siúd a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu fíorbhaill den Gharda Síochána a aithint. | Scrúdú a dhéanamh ar úsáid braille ar shuaitheantas aitheantais an Gharda Síochána agus feasacht a ardú i measc daoine breacaosta.<br><br>Oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le feasacht na ndaoine breacaosta ar conas baill den Gharda Síochána a aithint. | Soláthar Garda<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | R4 2024 |
| **2.5** | Oiliúint Cumarsáide Aoisbhálula an Gharda Síochána | Tá baill an Gharda Síochána le páirt a ghlacadh i modúil oiliúna ar Oiliúint Cumarsáide Aoisbhálula arna cur ar fáil | Gach Oifigeach Roinne<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda | Saolré an Phlean |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 3 - TACÚ LE TIONSCNAIMH PHOBAIL & SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE A CHUIDÍONN LE DAOINE BREACAOSTA.

## COMHTHÉACS

Tacóidh an Garda Síochána le tionscnaimh phobail agus sábháilteachta ar bhóithre a chuidíonn le daoine breacaosta, mar thiománaithe agus mar úsáideoirí soghonta bóithre araon.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | **Tiomantas** | **Toradh** | **Úinéireacht** | **Amlíne** |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha Chlár Leictreonach an Gharda Síochána do Dhaoine breacaosta do gach Roinn den Gharda Síochána. | Clár an Gharda Síochána do Dhaoine breacaosta cothrom le dáta a bheith i bhfeidhm don Gharda Síochána. | TFC an Gharda Síochána<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | R3 2024 |
| 3.2 | Sa chás go bhfuil daoine breacaosta atá ina gcónaí ina n-aonar agus scoite aitheanta againn, ar dhaoine iad a d'fhéadfadh leas a bhaint as tacaíochtaí, cuirfimid ar aghaidh iad chuig gníomhaireachtaí comhpháirtíochta. | Feasacht a mhúscailt lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe chun cabhrú leo na daoine is iargúlta inár bpobal a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní is oiriúnaí ann chun tacaíocht a thabhairt dóibh. | Oifigigh Rannáin<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | Saolré an Phlean |
| 3.3 | Tionscnaimh agus feachtais um shábháilteacht ar bhóithre do Dhaoine Breacaosta a chur chun cinn agus tacú leo lena n-áirítear na tiomantais a tugadh i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021 - 2030. | Tionscnaimh agus feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre do Dhaoine Breacaosta le reáchtáil i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.<br><br>Tacú le tiomantais a rinneadh i Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais 2021 - 2030 atá dírithe ar úsáideoirí soghonta bóithre a chosaint. | Biúró Náisiúnta um Póilíniú Bóithre an Gharda Síochána | Saolré an Phlean |
| 3.4 | Na prótacail Herbert don Gharda Síochána a sheoladh ar fud na tíre chun tacú le daoine a bhfuil néaltrú orthu | Foirmeacha um Prótacal Herbert Náisiúnta tugtha isteach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus a d'fhéadfadh a bheith i mbaol dul ar iarraidh. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Oifig an Gharda Síochána um Chumarsáid Cumarsáid | R2 2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 3.5 | Úsáid na Scéime Foláirimh Sinsearacha a chur chun cinn agus tacú léi. | Cuireann Gardaí Pobail an Scéim Foláirimh Shinsearaigh chun cinn go gníomhach agus déanann siad idirchaidreamh le heagraíochtaí áitiúla a dháileann Aláraim Siogairlín Phearsanta. | Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| | | Tá an Garda Síochána le hoibriú le Pobal, chun cabhrú le húsáid promóisin na scéimeanna. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | |
| 3.6 | Tionscnaimh a chur chun cinn agus tacú leo chun a chinntiú go bhfuil daoine breacaosta sábháilte (m.sh. an Scéim um Teachtaireacht i mBuidéal). | Tacaíonn Gardaí Pobail i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail áitiúla le tionscnaimh chun a chinntiú go bhfuil daoine breacaosta sábháilte. | Oifigigh Rannáin | Saolré an Phlean |
| | | Tá an Garda Síochána le hoibriú le Muintir na Tíre agus Club Leon na hÉireann, chun cabhrú le húsáid promóisin na scéimeanna. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | |
| 3.7 | Deiseanna agus tionscnaimh a chur chun cinn chun dul i dteagmháil le daoine breacaosta (m.sh. binsí comhrá an Gharda Síochána). | Tionscnaimh an Gharda Síochána bunaithe go háitiúil i gcomhpháirtíocht le pobail chun cabhrú le rannpháirtíocht le Daoine Breacaosta. | Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| 3.8 | Tacú le húsáid an Eolaire de chleachtais Aoisbháúla agus í a chur chun cinn | Tionscnaimh an Gharda Síochána a thacaíonn le Daoine breacaosta le cur isteach lena gcur san áireamh san Eolaire de Chleachtais Aoisbháúla atá ar fáil ag www.agefriendlyireland.ie | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | Saolré an Phlean |

# CUSPÓIR STRAITÉISEACH 4 - COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ POBAIL A ÚSÁID

## COMHTHÉACS

Bainfimid úsáid as comhpháirtíochtaí pobail agus as comhairliúchán chun freagairt do riachtanais agus ionchais leanúnacha na ndaoine breacaosta.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

| Uimh. | Tiomantas | Toradh | Úinéireacht | Amlíne |
|---|---|---|---|---|
| 4.1 | Rachaidh an Garda Síochána i dteagmháil go réamhghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine breacaosta. | Rannpháirtíocht le hÉirinn Aoisbháúil ar leibhéal náisiúnta agus Rannach. | Gach Oifigeach Roinne<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | Saolré an Phlean |
| 4.2 | Tacú le hobair na nÚdarás Áitiúil agus eagraíochtaí gaolmhara ar fhorbairtí pleanála do dhaoine breacaosta. | Tabharfaidh Oifigigh um Chosc na Coireachta faoin bpróiseas pleanála d'fhoirgnimh nua do dhaoine breacaosta chun a chinntiú go gcuirtear sábháilteacht an phobail san áireamh i bpleananna d'fhoirgnimh nua, spásanna poiblí a úsáideann cosc ar choireacht trí dhearadh comhshaoil (CPTED). | Oifigigh Rannáin um Chosc ar Choireacht<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |
| 4.3 | Páirt a ghlacadh i gcomh-oiliúint agus i gceardlanna i gcomhar le comhpháirtithe pobail. | Baill an Gharda Síochána chun páirt a ghlacadh i gcomh-oiliúint agus i gceardlanna i gcomhar le comhpháirtithe pobail nuair a bhíonn siad ar fáil. | Oifigigh Rannáin<br><br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail | Saolré an Phlean |
| 4.4 | Samhail um Réiteach Fadhbanna SARA a úsáid i gcomhpháirtíocht le pobail chun dul i ngleic le coireanna athfhillteacha in aghaidh daoine breacaosta i bpobail. | Úsáid den Samhail um Réiteach Fadhbanna SARA a chur chun cinn do chomhpháirtithe pobail.<br><br>Ábhar tacaíochta a sholáthar do Fhadhbréiteach SARA. | Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Rannpháirtíocht Phobail<br><br>Gach Oifigeach Roinne | Saolré an Phlean |

Bhiúró Náisiúnta um Rannpháirtíocht
Pobail an Gharda Síochána

www.garda.ie